LÍONRA TAISTIL GNÍOMHACH
BHAILE ÁTHA CLIATH

# Bealach Ghlasbhealach Bhóthar Bhaile an Mhuilinn / na Dothra

## Cúrsa Ghlasbhealach na Dothra

## BILEOG EOLAIS






1km

## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Léargas ar an Tionscadal
2 Buntáistí na Scéime
3 An gá atá leis an Scéim
4 Príomhghnéithe
5 Cur isteach ar an Trácht
6 Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn


## 1 LÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Tá tuairimí an phobail mhóir á lorg ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis na pleananna do Tionscadal Taistil Ghníomhaigh Bhóthar Bhaile an Mhuilinn, a shíneann 1.0km ó Shiúlóid na Dothra go Bóthar Dhún Droma. Tá an scéim ar cheann den mhórchuid tionscadal atá á gcur i bhfeidhm mar chuid de Líonra Taistil Ghníomhaigh na Comhairle Contae. I rith shaolré an chláir, fásfaidh an Líonra Taistil Ghníomhaigh ón 10 km atá ann cheana ina líonra nasctha 310 km ar fud na cathrach. Cuirfidh sé seo leis an gcaighdeán saoil trí rochtain, ceangal, agus soghluaiseacht inbhuanaithe a fheabhsú do chách agus astaíochtaí carbóin a bhaineann le taisteal á laghdú ag an am céanna.

Tá Siúlóid na Dothra go Bóthar Dhún Droma aitheanta mar shuíomh oiriúnach le haghaidh áiseanna siúil agus rothaíochta a dhéanfar go tapa. Dhéanfadh sé seo éascaíocht ar bhealach leanúnach taobh le pasáiste na Dothra roimh thionscadal Ghlasbhealach na Dothra.

Nuair a chuirfear i gcrích é, seachadfaidh Glasbhealach na Dothra 24km d'áiseanna taistil ghníomhaigh d'ardchaighdeán le hais na Dothra ón bhfarraige chuig na Sléibhte trí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire agus Rath an Dúin, agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

**AMLÍNE**

| R4 2023 | R1 2024 | R2/R3 2024 | R4 2024 | R4 2024 |
|---|---|---|---|---|
| Dearadh Coincheapa | Comhairliúchán Poiblí | Pleanáil & Dearadh Sonrach | Tús na Tógála | Tógáil na Scéime |

Tionscadal Eireann
Project Ireland
2040

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## 2 CAD IAD NA BUNTÁISTÍ A BHAINEANN LEIS AN SCÉIM?

- Áiseanna rothaíochta cosanta ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun freastal ar gach aoisghrúpa agus ar gach cineál cumais le hais chonair na Dothra.
- Stíl mhaireachtála níos gníomhaí a éascú le haghaidh gach aoisghrúpa, rud a dtiocfaidh buntáistí iolracha leis ó thaobh folláine fhisiciúil agus mheabhrach de
- Áiseanna feabhsaithe coisithe agus rothaíochta a chur ar fáil ag Siúlóid na Dothra, Bóthar an Chnoic Theas agus Baile an Teampaill Íochtarach agus Acomhail Bhóthar Dhún Droma

## 3 CÉN GÁ ATÁ LEIS AN SCÉIM?

- Áiseanna siúil agus rothaíochta a fheabhsú do phobail áitiúla agus athrú córa iompair i dtreo modhanna níos inbhuanaithe a éascú le haghaidh timaistriú agus taisteal fóillíochta araon.
- Nasc a chur ar fáil le hais na Dothra agus nasc a chur ar fáil le haghaidh scéimeanna rothaíochta agus iompair phoiblí amach anseo
- Cur le laghdú ar astaíochtaí iompair i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

## 4 PRÍOMHGHNÉITHE

### Siúlóid na Dothra go Nine Arches Bridge / Droichead na Naoi nÁirse

Cuirfear áis rothaíochta deighilte dhá bhealach ar fáil ar an taobh theas de Bhóthar Bhaile an Mhuilinn ó Shiúlóid na Dothra siar ó Dhroichead na Naoi nÁirse / Nine Arches Bridge. Déanfar uasghrádú ar na hacomhail ag Siúlóid na Dothra, Bóthar an Chnoic Theas agus bóthar Bhaile an Teampaill. Chun an scéim idir Bóthar an Chnoic Theas agus an Dropping Well a éascú, déanfar colúin soilsithe poiblí a athlonnú, cuirfear cáblaí lasnairde BSL atá ann cheana féin i dtalamh agus cuirfear speicis dhúchasacha aibí ar an taobh ó thuaidh in ionad na gcrann atá ann cheana. Cuirfear Trasrian Túcánach nua ar fáil ag an mbealach isteach thiar atá ann cheana féin chuig Páirc an tSeangharraí a cheadaíonn rochtain ar Ascaill Richmond Theas agus Stáisiún Luas Bhaile an Mhuilinn. Ceadófar rothaíocht in aghaidh an tsrutha ar Ascaill Richmond Theas. Coinneofar stadanna bus atá ann cheana feadh an bhealaigh





Léiriú an ealaíontóra idir Siúlóid na Dothra agus Acomhal Bhóthar Bhaile an Teampaill Íochtarach

### Nine Arches Bridge / Droichead na Naoi nÁirse go Bóthar Dhún Droma

Déanfar na lánaí rothaíochta aon-bhealaí atá ann cheana ar Bhóthar Bhaile an Mhuilinn ó Dhroichead na Naoi nÁirse / Nine Arches Bridge go Bóthar Dhún Droma a uasghrádú go dtí raon rothaíochta ardaithe a bheidh scartha le colbha ó fheithiclí le colbha 60mm idir rothaithe agus coisithe.

Cuirfear trasrian túcánach nua ar fáil ag an mbealach isteach thoir atá ann go Páirc an tSeangharraí a cheadaíonn rochtain ar an Droichead Chapall Ualaigh / Packhorse Bridge agus ar an taobh theas d'Abhainn an Dothra agus ar Chonair an Dothra. Coinneofar stadanna bus atá ann cheana féin feadh na coda seo. Cuirfear acomhal tosaíochta faoi chosaint ar fáil ag acomhal Bhóthar Bhaile an Mhuilinn agus Bhóthar Dhún Droma.




## 5 CUR ISTEACH AR AN TRÁCHT

Meastar go gcuirfear tús le hoibreacha suiteála na scéime seo in R4 2024. Chun an scéim seo a chur i gcrích, déanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gcomhar lenár gconraitheoir ár ndícheall cur isteach ar an trácht a íoslaghdú a oiread agus is féidir.



Léiriú an ealaíontóra ar Acomhal Bhóthar Bhaile an Teampaill Íochtarach.

## 6 CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá rannpháirtíocht an phobail á lorg againn maidir leis na moltaí scéime reatha. Más mian leat breathnú ar thuilleadh faisnéise nó aighneacht a dhéanamh chuig CCBÁC maidir leis an tionscadal seo, féach ar na roghanna thíos:

consultation.dublincity.ie/ (déan é seo a scanadh)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar: Bóthar Bhaile an Mhuilinn

Oifig Cláir um Thaisteal Gníomhach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árainn, Cé Árainn, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

01 222 2536

Rabhaidh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: alerts.dublincity.ie

Tá fáil ar na líníochtaí deartha chun breathnú orthu le linn na tréimhse comhairliúcháin ag:

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Bloc 1, Urlár 0, Oifigí na Cathrach, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08RF3F
- Leabharlann Ráth Maonais, 157 Bóthar Ráth Maonais Íochtarach, Baile Átha Cliath 6, D06 K2K6
- www.dublincity.ie/activetravel

### OÍCHE EOLAIS PHOIBLÍ

Reáchtálfar imeacht eolais maidir leis an tionscadal óna **4-7i.n. ar an 22 Feabhra 2024** i Halla Paróiste Ionad Tréadach Bhaile an Mhuilinn, Bóthar Bhaile an Mhuilinn Baile an Mhuilinn Baile Átha Cliath 6 D06 Y7T3

**TAPAIGH AN DEIS LABHARTHA**